Pórtha Madraí a bhFuil Srianta ag Baint Leo

Tá srianta i bhfeidhm maidir leis na pórtha seo a leanas: -

- Tarbh-bhrocaire Meiriceánach
- Aicíte Sheapánach
- Tarbhmhaistín
- Tósa Seapánach
- Pinséir Dobermann
- Dronnach Róidéiseach
- Tarbh-bhrocaire Sasanach
- Rótvaidhléir
- Alsáiseach
- Tarbh-bhrocaire Staffordshire
- Gach madra ar a dtugtar go coitianta lallmhadra
- Gach pór eile de chros gach póir nó cineáil madra arna lua thuas

Rialú na bPórtha Srianta Madraí

Ní ceadmhach do dhuine pór srianta a bheith aige in áit phoiblí mura bhfuil an madra sin ar shlabhra nó ar choniall atá láidir a dhóthain, agus nach sáraíonn dhá mhéadar ar fhad, agus caithfidh an duine atá i bhfeighil an mhadra a bheith os cionn sé bliana déag d'aois agus bheith in ann an madra a choimeád faoi smacht.

Béalghardaí ar Phórtha Srianta

Ní ceadmhach do dhuine pór srianta a bheith aige in áit phoiblí mura bhfuil béalgharda daingean ar an madra.

Cúnna

Ní ceadmhach do dhuine níos mó ná ceithre chú a threorú ag aon am amháin in aon áit phoiblí agus caithfidh an madra/na madraí a bheith ar shlabhra nó ar choniall atá láidir a dhóthain.

D'FHÉADFAÍ FÍNEÁIL DE €100 A GHEARADH ORT MURA GCLOÍONN TÚ LEIS NA RIALACHA THUAS NÓ D'FHÉADFAÍ SUAS LE €2500 A GHEARRADH ORT MAR FHÍNEÁIL SA CHÚIRT DÚICHE

Madraí ag Tafann

Féadfaidh tafann iomarcach a bheith ina núis d'aon duine agus is cion é. Is féidir leat gearán a dhéanamh faoi thafann iomarcach leis an gCúirt Dúiche faoi na Rialacháin Torainn, ach an fhoirm iarratais chuí a úsáid. Tá foirmeacha ar fáil ón gCúirt Dúiche nó ar líne ag www.fingal.ie.

Fíneálacha

- Gan bheith in ann ceadúnas reatha a chur ar fáil: €100
- Gan uimhir aitheantais a bheith ar an gcoiléar: €100
- Pórtha srianta – gan bhéalgharda: €100
- Pórtha srianta –gan choniall: €100
- Cúnna – gan choniall: €100

Táillí

- Táille do cheadúnas bliantúil : €20
- Táille do cheadúnas saoil: €140
- Táille chun an madra a fara fháil ar ais ón bpóna madraí: €20
- Lóistín thar oíche: €8 in aghaidh na hoíche
- Táille chun an madra a scaoileadh: €40 nó €50 (má bhailíonn an maor an madra)
- Táille chun baile nua a fháil: €20
- Táille mhicrishliseála: €25

Le haghaidh tuilleadh eolais:

Comhairle Contae Fhine Gall

An Roinn Comhshaoil & Seirbhísí Uisce
Halla an Chontae, an tSráid Mhór,
Sord, Co. Átha Cliath

Teli: 01 890 6272 nó 01 890 6799
Ríomhphost: envserv@fingal.ie

Seirbhís Maoir Madra & Póna Madra
Póna Ashton, Bóthar na hAbhann, Baile an Ásaigh,
Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15

Teil: 01 8383236
Ríomhphost: ashtondogpound@eircom.net
www.ashtondogpound.com

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Freagrachtaí Úinéirí Madraí

fingal.ie

Ceadúnas Madraí

Má tá madra agat atá níos sine ná 4 mhí d'aois, ní foláir duit ceadúnas a bheith agat don madra sin agus ní foláir don duine ar eisíodh an ceadúnas dó/di a bheith os cionn 16 bliana d'aois. Féadtar ceadúnas madraí a cheannach ar chostas €20 ar líne ag www.fingalcoco.ie, nó ag aon Oifig an Phoist nó i Halla an Chontae, an tSráid Mhór, Sord.

Mura bhfuil ceadúnas agat do do mhadra, d'fhéadfaí fíneáil "ar an bpointe" a ghearradh ort de €100. I gcás nach n-íocfá an fhíneáil sin d'fhéadfaí tú a ionchúiseamh le fíneáil uasta de €2,500 agus/nó téarma suas le 3 mhí sa phríosún dá gciontófaí tú.

Comhartha Aitheantais Madra

Ní foláir do do mhadra coiléar a bheith air le d'ainm agus do sheoladh inscríofa ar phláta, ar shuaitheantas nó ar dhiosca atá ceangailte den choiléar.

Mura bhfuil comhartha aitheantais agat ar do mhadra d'fhéadfadh maor madraí fíneáil de €100 a ghearradh ort nó sa Chúirt Dúiche d'fhéadfaí fíneáil €2,500 a ghearradh ort agus/nó tréimhse 3 mhí sa phríosún dá gciontófaí tú.

Madraí ar Strae

Is éard is madra ar strae ann madra nach bhfuil faoi smacht éifeachtúil, e.g. madra a fágadh leis féin in áit phoiblí. Mura gcoinníonn tú do mhadra faoi smacht éifeachtach d'fhéadfaí fíneáil de €100 ar an bpointe a ghearradh ort nó d'fhéadfaí tú a ionchúiseamh agus fíneáil de suas le €2,500 a ghearradh ort agus/nó tréimhse 3 mhí sa phríosún dá gciontófaí tú.

Tabharfaidh an Maor madraí ar strae leo chuig an bpóna madraí agus coinneofar an madra ann ar feadh 5 lá. Táille chun an madra a fháil ar ais ón bpóna madraí: €20 a íoc don chéad lá, nó cuid den lá sin, agus muirear de €8 don lóistín le haghaidh gach oíche a fhanann do mhadra sa Phóna. Mura bhfuil ceadúnas reatha madraí agat beidh ort ceann a cheannach ar chostas de €20.

Cuireann Póna Ashton, Teil 8383236, seirbhís Maoir Madra agus Póna Madra ar fáil thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall

Salú Madraí

Cruthaíonn úinéirí madraí guais sláinte i gcás nach nglanann siad salachar a madraí ó shráideanna, ó pháirceanna, ó thránna, ó chlóis súgartha agus ó áiteanna poiblí eile áit a mbíonn daoine ag siúl agus leanaí ag siúl agus ag súgradh. Faoi na hAchtanna um Thruailliú Bruscair (1997-2009) tá sé ina chion gan glanadh suas i ndiaidh do mhadra tar éis don madra áit phoiblí a shalú agus gan duitse an salachar sin a dhiúscairt ar bhealach ceart.

Tá ionfhabhtú ann ar a dtugtar tocsacáiriáis, arb iad madraí is mó is cúis leis, agus is ar leanaí den chuid is mó a théann an t-ionfhabhtú sin i bhfeidhm. Tá sé frithshóisialta ligean do mhadraí áiteanna poiblí a shalú agus ní féidir glacadh leis ar chor ar bith. An réiteach is fearr ná go ndéanfadh Úinéirí Madraí a madraí a thraenáil "dul sa bhaile" ina ngairdín. Cibé scéal é, féadfaidh timpistí tarlú agus mar sin ba chóir i gcónaí sluaistín caca nó mála plaisteach a bhreith leat agus tú amuigh ag siúl le do mhadra, le haghaidh shalachar do mhadra. Féadtar sluaistíní caca a cheannach i siopa peataí

Mura nglanann tú suas salachar do mhadra d'fhéadfaí fíneáil de €150.00 a ghearradh ort nó fíneáil suas le €3,000 sa Chúirt Dúiche. Féadtar salachar a chur in aon bhosca bruscair.

Cuidigh linn Fine Gall a choinneáil saor ó shalú madraí ach do chion a dhéanamh.

Líne Chabhrach maidir le Salú Madraí

Má fheiceann tú salú madraí ag tarlú agus dá mbeifeá sásta bheith i d'fhinné sa chúirt, téigh i dteagmháil linn ag

LÍNE CHABHRACH MAIDIR LE SALÚ MADRAÍ

1800 251 500

Green Dog Walker

Feachtas pobal-bhunaithe é 'Green Dog Walkers' – bealach cairdiúil chun cuidiú le daoine a meon a athrú faoi shalú madraí. Caitheann na rannpháirtithe deonacha atá páirteach san fheachtas banda muinchille glas, a chuireann in iúl go bhfuil gealltanas tugtha acu na nithe seo a leanas a dhéanamh i gcónaí:

- Glanadh suas i ndiaidh a madra
- A mbanda muinchille Green Dog a chaitheamh nó coiléar Greed Dog a chur ar an madra agus iad amuigh ag siúl
- Málaí bruscair breise a iompar leo
- Bheith sásta mála bruscair a thabhairt 'ar iasacht' do dhaoine eile
- A chur in iúl, ar bhealach cairdiúil, do dhaoine eile gur chóir dóibh glanadh suas i ndiaidh a madra.

Is éard atá sa bhanda muinchille glas meabhrú cairdiúil gur chóir do dhaoine glanadh suas i ndiaidh a madra. Ní gá duit ach gealltanas a shíniú agus is féidir é sin a íoslódáil ó Fingal.ie, agus é a chur ar ais chuig an Rannóg Feasachta Comhshaoil. Más spéis leat an feachtas a chur i bhfeidhm i do chomharsanacht nó má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait faoi, cuir glao orainn ag 01 8906236 nó cuir ríomhphost chuig enviraware@fingal.ie

Madraí gan Iarraidh

Mura bhfuil do mhadra ag teastáil uait a thuilleadh, is féidir leat an madra a thabhairt chuig Póna na Madraí agus glactar leis ar tháille bheag de €40. Féadtar madraí gan iarraidh a bhailiú freisin ar tháille de €50. Cuir glao ar Phóna Ashton ag 8383236 le haghaidh tuilleadh eolais.

Baile Nua a Aimsiú

Le haghaidh táille bheag, féadfaidh tú madra a fháil ó Phóna Ashton na Madraí atá oiriúnach le go gcuirfí é i mbaile nua. Féadtar teagmháil a dhéanamh leis an bpóna ag www.ashtondogpound.com.